# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2014**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**AGUS**

**FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO**

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.

- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna freagraí a bhfuiltear ag súil leo.

- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Gnáthleibhéal

## ***<u>Scéim Mharcála Imlíneach</u>***

**CUID 1 (120 marc)**

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (8 marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **11.** | 4 @ 2 mharc an ceann |
| **2.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) | **12.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |
| **3.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **13.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **4.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **14.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **5.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) | **15.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **6.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) | **16.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |
| **7.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **17.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |
| **8.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **18.** | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **9.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **19.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |
| **10.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **20.** | 2 @ 4 mharc an ceann |

## CUID 2 (200 marc)

6 CHEIST – 4 CHEIST LE FREAGAIRT

TÁ NA CEISTEANNA UILE AR AON MHARC (50 marc)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | | Feidhm a bhíonn ag margadh | 8 marc |
| | **(b)** | (i) | An chainníocht a éilítear | 3 mharc |
| | | (ii) | A chainníocht a sholáthraítear | 3 mharc |
| | | (iii) | Praghas cothromaíochta | 3 mharc |
| | | | Cainníocht chothromaíochta | 3 mharc |
| | | | Míniú | 10 marc (5 m + 5 m) |
| | **(c)** | (i) | Ioncam iomlán a ríomhtar | 5 mharc |
| | | (ii) | Tionchar ar chuar an éilimh | 5 mharc |
| | | | Tionchar ar phraghas | 5 mharc |
| | | | Tionchar ar chainníocht | 5 mharc |

**[50 marc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | Cuspóir CAP 1 | 5 mharc |
| | | Cuspóir CAP 2 | 5 mharc |
| | **(b)** | Bealach dearfach 1 | 10 marc (5 m + 5 m) |
| | | Bealach dearfach 2 | 10 marc (5 m + 5 m) |
| | **(c)** | Deis a bhaineann le méadú trádála | 10 marc (5 m + 5 m) |
| | | Dúshlán a bhaineann le méadú trádála | 10 marc (5 m + 5 m) |

**[50 marc]**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | (i) | Sampla d'fháltas | 7 marc |
| | | | Sampla d'íocaíocht | 7 marc |
| | | (ii) | Iarmhéid tosaigh | 7 marc |
| | | (iii) | Comparáid idir an sreabhadh airgid | 7 marc |
| | | | Dhá chúis @ 4 mharc an ceann | 8 marc |
| | **(b)** | | Airgead tirim glan ríofa | 7 marc |
| | | | Iarmhéid deiridh ríofa | 7 marc |

**[50 marc]**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | | Ainmnigh chomhpháirt A | 5 mharc |
| | | | Míniú ar an gcomhpháirt | 5 mharc |
| | | | Ainm chomhpháirt B | 5 mharc |
| | | | Míniú ar an gcomhpháirt | 5 mharc |
| | **(b)** | (i) | Slí amháin chun ábhar breisluach a mhéadú | 10 marc (5 m + 5 m) |
| | | (ii) | Tairbhe a bhaineann le hábhar breisluacha | 10 marc (5 m + 5 m) |
| | **(c)** | | Tairbhe 1 a bhaineann leis an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta | 5 mharc |
| | | | Tairbhe 2 a bhaineann leis an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta | 5 mharc |

**[50 marc]**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | (i) | Graf a tháirgeadh | 12 mharc |
| | | | Lipéid a chur ar na haiseanna agus ar an gcuar TPC | 8 marc (2m+3m+3m) |
| | | (ii) | Míniú ar an gcoincheap | 20 marc (10m +5m+5m) |
| | **(b)** | | Sampla 1 d'ionchur idirmheánach | 5 mharc |
| | | | Sampla 2 d'ionchur idirmheánach | 5 mharc |

**[50 marc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | Míniú ar ioncam ó fheirm theaghlaigh | 12 mharc (6m + 6m) |
| | **(b)** | Foinse 1 d'ioncam seachas ón bhfeirmeoireacht | 6 mharc |
| | | Foinse 2 d'ioncam seachas ón bhfeirmeoireacht | 6 mharc |
| | **(c)** | Plé ar an athraitheacht sa mheánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) ar fud na réigiún | 10 mharc (5m + 5m) |
| | | Cúis 1 le difríochtaí réigiúnacha | 8 mharc |
| | | Cúis 2 le difríochtaí réigiúnacha | 8 mharc |

**[50 marc]**

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Gnáthleibhéal

## Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo

# Cuid 1

**(Freagair 15 cheist as 20. Ocht marc in aghaidh na ceiste)**

**1.** **I gcóras an mhargaidh is í idirghníomhaíocht** Soláthar **agus** Éileamh **a chinntíonn praghsanna.**

**2.** **OTI:** **O** = Oll **T** = Táirgeacht **I** = Intíre

**3.** **Sa bhliain 2012 chuir earnáil na talmhaíochta in Éirinn (foraoiseacht agus iascaireacht san áireamh) ar fáil tuairim agus**:

(i) 2.5% **den aschur náisiúnta (Oll-Bhreisluach).**

(ii) 5% **den fhostaíocht náisiúnta.**

**4.** **Luaigh dhá mhodh chun dímheas a ríomh i gcás gnó feirme:**

(i) Iarmhéid meata

(ii) Líne dhíreach

**5.** **Taispeánann an graf (tugtha) an treocht i líon iomlán na gcaorach, na mbeithíoch agus na muc in Éirinn sna blianta 2005 go 2013. Cuir in iúl cé acu lipéad (A, B nó C) a bhaineann le gach sraith díobh.**

Caoirigh = B Beithígh = A Muca = C

**6.** **Sna spásanna thíos, líon isteach na trí chomhpháirt den chumasc margaíochta atá in easnamh:**

Praghas Promóisean (Cur chun cinn) Áit

**7.** **Is é is Glanfhiúchas ann i gcomhthéacs na feirmeoireachta ná an difríocht ina euro idir Iomlán na** Sócmhainní **agus** Iomlán **na bhFiachas.**

**8.** **Luaigh feidhm amháin atá ag gach ceann de na hinstitiúidí seo a leanas:**

**(i)** **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

Ceann ar bith díobh seo a leanas

- Rialú na dtionscal talmhaíochta, iascaigh agus bia trí reachtaíocht náisiúnta agus AE.
- Forbairt agus forfheidhmiú scéimeanna náisiúnta agus AE i dtacú le Talmhaíocht, Bia, Iascaigh, Foraoiseacht agus Comhshaol Tuaithe.

- Gnéithe de Shábháilteacht Bhia a mhonatóiriú agus a rialú.
- Sláine ainmhí agus planda agus leas ainmhí a mhonatóiriú agus a rialú.
- Soláthar díreach seirbhísí tacaíochta le Talmhaíocht, Iascaigh, Bia agus Foraoiseacht.

**(ii)** **Teagasc:**

Ceann ar bith díobh seo a leanas

- Táirgeadh talmhaíochta agus taighde comhshaoil
- Taighde bia
- Seirbhís chomhairleach d'fheirmeoirí
- Cúrsaí lánaimseartha ag coláistí talmhaíochta
- Oiliúint leanúnach d'fheirmeoirí
- Tacaíocht i gcomhair gníomhaíochtaí forbartha tuaithe.

**9.** **Cuir ciorcal thart ar an uimhir cheart i ngach ceann de na cásanna seo a leanas**:

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | **Líon na mballstát san AE ó 1 Iúil 2013** | 28 |
| **(ii)** | **Caiteachas an CBT mar % (neasach) de bhuiséad an AE in 2013** | 40% |

**10.** **Más é praghasleaisteachas an éilimh ar tháirge bia ná -1.7, tiocfaidh** <u>ardú</u> <u>17%</u> **ar an gcainníocht a éileofar má thiteann praghas an mhargaidh de 10%.**

**11.** **Tógadh na sonraí tugtha as an Suirbhé Náisiúnta Feirme in 2012. Comhlánaigh an tábla agus cuir ciorcal thart ar an gcóras ceart feirmeoireachta sna cealla scáthaithe thíos.**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | Curadóireacht | 64 ha | agus | Tógáil beithíoch | 35 ha |
| (ii) | Déiríocht | €887 | agus | Caoirigh | €375 |

**12.** **Is féidir staid airgeadais fhadtéarmach na feirme a scrúdú** <u>i gclár comhardaithe</u> **na feirme agus déantar é a thomhas de réir cóimheas** <u>na bhfiacha</u> leis <u>an nglanfhiúchas</u>**.**

**13.** **Mínigh an téarma 'comhtháirge' agus luaigh sampla amháin i dtalmhaíocht na hÉireann:**

**(i) Míniú:** Táirgí atá nasctha lena chéile i dtáirgeadh i.e. go ginearálta ní féidir ceann a tháirgeadh gan an ceann eile.

**(ii) Sampla:** Grán agus tuí, olann agus feoil caorach, bainne agus mairteoil, mairteoil agus craicne ainmhithe.

**14.** **Cuir ciorcal thart ar an uimhir cheart i gcás na staitisticí seo a leanas a tógadh as Móráireamh na Talmhaíochta in Éirinn in 2010:**

**(i)** **Líon na ngabháltas feirme (go neasach)** 140,000
**(ii)** **An riar (neasach) d'achar na talún atá in úsáid sa talmhaíocht** 66%

**15.** **Luaigh dhá íocaíocht dhíreacha a fhaigheann feirmeoirí in Éirinn:**

Íocaíocht Aonair Feirme, Íocaíocht um cheantar faoi mhíbhuntáiste, Cosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS/AEOS).

**16.** **Luigh sampla amháin de gach ceann díobh seo a leanas as clár comhardaithe feirm thipiciúil theaghlaigh:**

**(i)** **Sócmhainn Sheasta:** Talamh, foirgnimh, innealra, stoc síolraíochta

**(ii)** **Fiachas Fadtéarmach:** Iasachtaí téarmacha, caipitil faoi úinéireacht

**(iii)** **Sócmhainn Reatha:** Trádáil beostoic, féichiúnaithe, stoic neamh-úsáidte bia, leasacháin, airgead ar láimh.

**17.** **Líon isteach na trí fhocal atá in easnamh chun sainmhíniú caighdeánach na heacnamaíochta a chríochnú.**

**"Is** eolaíocht **shóisialta í an eacnamaíocht ina ndéantar staidéar ar iompar an duine mar choibhneas idir aidhmeanna agus acmhainní** ganna **a bhfuil feidhmeanna** malartacha **acu".**

**18.** **(i)** **Mínigh an téarma 'cáin Indíreach':**

Cáin ar úsáid / chaiteachas agus aschur

**(ii)** **Cuir ciorcal thart ar an gcáin indíreach sa liosta tugtha:** CBL

**19.** **Cuir an téarma ceart isteach i ngach ceann de na trí chill fholmha chun an tábla seo a leanas a chomhlánú. Ní ceadmhach téarma tugtha a chur isteach ach aon uair amháin.**

| **Toisc Tháirgeachta** | **TALAMH** | **SAOTHAR** | (i) CAIPITEAL | **BAINISTÍOCHT** |
|---|---|---|---|---|
| **Praghas toisce** | **Cíos** | (ii) Pá | **Ús** | (iii) Brabach |

**20.** **(i)** **Is é is taraif ann ná** cáin **ar iompórtálacha earraí agus seirbhísí a thugtar isteach sa tír ón iasacht.**

**(ii)** **Luaigh cén fáth nach gnách taraif a bheith ar earraí talmhaíochta a iompórtáiltear go hÉirinn ón bhFrainc:**

Is é is ciall le saorthrádáil idir ballstáit an AE nach bhfuil aon taraif de ghnáth ar iompórtálacha ó bhallstát eile.

# Cuid 2

**(Freagair ceithre cheist as sé cinn. 50 marc in aghaidh na ceiste)**

1. **(a) Cén phríomhfheidhm a bhíonn ag aon mhargadh, ag margadh na bprátaí mar shampla?**

Is é is margadh ann meicníocht a thugann ceannaitheoirí (tomhaltóirí, éilitheoirí) agus díoltóirí (táirgeoirí, soláthraithe) le chéile chun earraí a mhalartú eatarthu ag praghas a bhunaítear sa mhargadh trí fhórsaí soláthair agus éilimh.

**(b) (i) Cén chainníocht prátaí a éilítear nuair is é €4 an kg an praghas atá orthu?**

15 mhilliún kg sa bhliain

**(ii) Cén chainníocht prátaí a sholáthraítear nuair is é €2 an kg an praghas atá orthu?**

10 milliún kg sa bhliain

**(iii) Luaigh an praghas cothromaíochta agus an chainníocht chothromaíochta i margadh na bprátaí. Mínigh do fhreagra.**

Praghas cothromaíochta = €3 an kg

Cainníocht chothromaíochta = 20 milliún kg sa bhliain

Ag an bpraghas cothromaíochta (€3 an kg), tá an chainníocht a sholáthraítear agus an chainníocht a éilítear mar an gcéanna (20 milliún kg) agus níl aon chlaonadh athraithe ann. Tá an margadh cothrom nó glanta.

**(c) (i) Ríomh an t-ioncam iomlán bliantúil (II) nuair a bhíonn margadh na bprátaí i gcothromaíocht.**

II = €60 milliún sa bhliain. [€3 x 20 milliún]

**(ii) Is féidir amharc ar phasta mar tháirge a ghlacann ionad prátaí. Má thagann ardú ar mhargadhphraghas an phasta, luaigh an tionchar is dócha a bheadh aige sin ar chuar an éilimh ar phrátaí, agus ar an bpraghas cothromaíochta an mhargaidh agus ar an gcainníocht chothromaíochta i margadh na bprátaí.**

Athraíonn cuar éileamh an mhargaidh ar phrátaí ar dheis.

Ardaíonn praghas cothromaíochta an mhargaidh.

Ardaíonn cainníocht chothromaíochta an mhargaidh.

2. (a) **Luaigh dhá chuspóir de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) mar atá leagtha amach i gConradh na Róimhe, 1957**.

- Méadú ar tháirgiúlacht talmhaíochta
- Caighdeán cóir maireachtála d'fheirmeoirí
- Margaí cobhsaí
- Soláthar rialta an táirge talmhaíochta
- Praghsanna réasúnta do thomhaltóirí.

(b) **Cuireann an fheirmeoireacht leis an tsochaí ar bhealaí dearfacha chomh maith le táirgí talmhaíochta a chur ar fáil. Tabhair breac-chuntas ar dhá cheann de na bealaí dearfacha sin.**

- Cosaint gnáthóg, bainistiú fál seach, etc. Tig le feirmeoirí gnáthóga tábhachtacha etc. a bhainistiú trí REPS/AEOS agus scéimeanna eile
- Cosc ar an talamh dul ar ais ina fhiántas. Trí fheirmeoireacht, fanann an talamh glan ó scrobarnach agus fanann sí i mbail tháirgiúil
- Cuirtear conláiste amhairc ar fáil faoin tuath. Coinníonn feirmeoireacht an tírdhreach ag breathnú go deas do dhaoine lena n-áirítear turasóirí.
- Cothaíonn sé saol sóisialta agus eacnamaíoch i gceantair thuaithe. Coinníonn feirmeoireacht daoine agus poist faoin tuath agus cuireann sí le scaipeadh cothrom sa daonra.

(c) **Táthar ag súil le méadú mór i dtrádáil táirgí talmhaíochta an AE le Ceanada agus b'fhéidir le SAM sna blianta atá romhainn de réir mar a bheidh comhaontuithe nua trádála á dtabhairt i gcrích.**
**Tabhair breac-chuntas ar dheis mhargaíochta amháin agus ar dhúshlán amháin a d'fhéadfadh an méadú trádála seo a chur faoi thalmhaíocht na hÉireann.**

**Deis:**
Rochtain níos mó a chruthú ar mhargaí Mheiriceá Thuaidh mar gheall ar bhacainní trádála níos ísle in aghaidh iompórtálacha talmhaíochta ón AE.

Áirítear le deiseanna ar leith do thalmhaíocht na hÉireann rochtain níos mó ag

- táirí déiríochta cosúil le him, cáis, comhábhair bhainne
- táirgí bia speisialtóra na Éireann cosúil le mairteoil agus uaineoil
- B'fhéidir go mbainfeadh táirgeoirí dúchais muc agus éanlaithe tairbhe as comhábhair iompórtáilte níos saoire e.g. grán buí, min shoighe.

**Dúshlán:**
D'fhéadfadh rochtain níos mó i gcomhair easpórtálacha talmhaíochta SAM agus Ceanada chuig an AE bagairt ar easpórtálacha na hÉireann chuig tíortha AE cosúil leis an RA, an Ghearmáin agus an Fhrainc.

D'fhéadfadh dúshláin ar leith teacht as:

- rochtain mhéadaithe ar mhairteoil, cruithneacht, eorna iompórtáilte níos saoire isteach san AE
- B'fhéidir nach mbeadh feirmeacha teaghlaigh AE níos lú in ann dul in iomaíocht leis na praghsanna níos lú is féidir le feirmeacha níos mó i SAM agus i gCeanada a sheasamh.

**3. (a) (i) Luaigh cineál amháin fáltais agus cineál amháin íocaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le feirm Shorcha (ón ráiteas sreabhadh airgid tugtha).**

**Fáltas:** Díolacháin bhainne, SFP, díolacháin lao.

**Íocaíocht:** Leasachán, beathú, tréidlia, conraitheoir.

**(ii) Luaigh an t-Iarmhéid Tosaigh don chéad ráithe (R1) de 2014.**

€5,000

**(iii) Déan comparáid achomair idir an sreabhadh airgid iarbhír don chéad dá ráithe de 2014 (R1 agus R2) agus tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht idir thorthaí an dá ráithe.**

Fáltais suas €12,000, íocaíochtaí síos €4,000 agus mar thoradh tá airgead glan suas €16,000 i.e. ó (€5,000) in R1 go €11,000 in R2.

Dóchúil go mbeidh fáltais suas mar go mbíonn buaic an bhainne in aghaidh na bó ann idir Bealtaine-Meitheamh. D'fhéadfaí freisin nár thosaigh roinnt de bha Shorcha ag táirgeadh bainne go dtí R2. D'fhéadfadh ardú a bheith ar phraghas an bhainne in R2 freisin. Is dóchúil go mbeidh íocaíochtaí síos de bharr nár ceannaíodh an oiread beathaithe mar go mbeidh na ba amuigh ar an bhféar.

**(b) Ríomh an t-airgead tirim glan agus an t-iarmhéid deiridh buiséadaithe (réamh-mheasta) don tríú ráithe (R3).**

**Airgead glan do R3** = €8,000

**Iarmhéid dúnta do R3** = €19,000

4. (a) **Ainmnigh na comhpháirteanna A agus B sa bhiashlabhra tugtha agus mínigh céard a chiallaíonn gach comhpháirt**.

**A** = Táirgeacht talmhaíochta

Is é seo táirgeadh feirme a fhágann geata na feire agus a théann isteach sa mhargadh i gcomhair táirgí talmhaíochta. Faigheann feirmeoirí íocaíocht ó cheannaitheoirí a n-aschur.

**B** = Dáileadh

Tugann sé seo san áireamh na gníomhaíochtaí sin a thugann aschur an bhia dúchais ó chuideachtaí próiseála agus bia iompórtáilte chuig tomhaltóirí bia. D'fhéadfaí a áireamh sa dáileadh iompórtáil, iompar, stóráil agus cuideachtaí mórdhíola, miondíoltóirí agus soláthraithe asraonta eile do thomhaltóirí le bia a cheannach.

(b) **I 2012 bhí luach thart ar €9 billiún ar easpórtálacha agraibhia na hÉireann.**

(i) **Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin a bhféadfaí ábhar breisluach (i.e. a oiread próiseála a dhéantar ar) easpórtálacha agraibhia na hÉireann a mhéadú.**

Bealaí chun breisluach a mhéadú:

- In ionad beithígh bheo a easpórtáil, táirg na gearrthacha feola agus na táirgí feola sa bhaile agus ansin easpórtáil iad
- In ionad tonaí tráchtearra ime, cáise, táirgí bainne a easpórtáil, táirg táirgí le branda agus comhábhair bhainne sa bhaile agus easpórtáil ansin iad
- Ionadaigh cuid d'ár n-easpórtálacha de phrátaí, de thorthaí agus de ghlasraí le táirgí níos próiseáilte cosúil le subh, milseoga, táirgí de bhunús prátaí, súnna, etc.
- In ionad eorna bhraiche agus braich le haghaidh rúdaireachta /driogadh a easpórtáil, táirg an bheoir agus an t-uisce bheatha sa bhaile.

(ii) **Mínigh slí amháin a dtéann méadú ar ábhar breisluacha easpórtálacha agraibhia chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann.**

- Brabús níos mó don tionscal próiseála bia
- Deis infheistíochta in áiseanna próiseála nua de réir mar a fhorbraíonn tomhaltóirí dílseacht do tháirgí le branda Éireannach
- Níos mó fostaíochta i bpróiseáil bia
- Tairbhí don gheilleagar tuaithe mar gheall ar thuilleadh post
- Níos mó easpórtálacha chuig tíortha neamh-euro a chothaíonn malartú eachtrannach agus a fheabhsaíonn seasamh chomhardú na n-íocaíochtaí na tíre
- Níos mó ioncam cánach don rialtas.


**(c) Tabhair breac-chuntas ar na slite a dtéann an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta atá ag an mBord Bia chun tairbhe do thalmhaíocht na hÉireann.**

Feidhmíonn Bord Bia an Scéim. Is é is ciall leis go bhfuil dearbhú cáilíochta le gach céim i mbiashlabhra na hÉireann ó ghníomhaireacht phoiblí.

**Áirítear leis na tairbhí:**

- Tá muinín ag tomhaltóirí go bhfuil a mbia sábháilte agus gur féidir é a rianú ar ais chuig an áit as a dtagann sé
- Bíonn buntáiste margaíochta ag táirgí na hÉireann thar bhia a tháirgtear i dtíortha nach bhfuil aon dearbhú cáilíochta ann
- Bíonn tomhaltóirí sásta níos mó a íoc de ghnáth ar bhia le dearbhú cáilíochta a d'fhéadfadh ioncam níos mó ón margadh a thabhairt do phróiseálaithe
- Praghsanna geata feirme níos airde d'fheirmeoirí
- Féidearthacht le haghaidh conarthaí soláthair fadtéarmacha d'fheirmeoirí ó phróiseálaithe.

5. (a) (i) **Tarraing cuar lántáirgeachta (TPC *i mBéarla*) na bprátaí i do bhfreagarleabhar, bunaithe ar na sonraí sa tábla tugtha.**




(ii) **Ba chóir do dtaispeánfadh an TPC go bhfuil an t-aschur "ag méadú ach ar ráta laghdaitheach". Mínigh an coincheap sin agdéanamh comparáid idir na hathruithe san aschur a fhaightear nuair a athraítear an saothar ó 20 uair sa tseachtain go dtí 21 uair, agus ó 22 uair sa tseachtain go dtí 23 uair.**

Nuair a mhéadaíonn saothar 1 uair sa tseachtain ó 20 go 21 uair an chloig, méadaíonn an barr prátaí 5 thona/ha. Ach nuair a mhéadaíonn an saothar an 1 uair chéanna sa tseachtain ó 22 go 23 uair an chloig, ní mhéadaíonn an barr ach 3 thona/ha. Bíonn dlí an toraidh laghdaithigh i bhfeidhm anseo i.e. de réir mar a úsáidtear níos mó saothair, méadaíonn barr prátaí ach ag ráta anuas as gach uair an chloig bhreise shaothair sa tseachtain a úsáidtear i dtáirgeadh prátaí.

(b) **Luaigh dhá shampla d'ionchuir idirmheánacha a úsáidtear i dtáirgeadh prátaí**.

- Leasacháin
- Spraeanna (fiailí, galar)
- Málaí (le pacáil ag an bhfeirmeoir)
- Síol prátaí
- Seirbhísí comhairleacha/comhairleachta (i gcomhair táirgeadh barr).

6. (a) **Mínigh an téarma 'ioncam ó fheirm theaghlaigh' mar a úsáidtear é sa Suirbhé Náisiúnta Feirme**.

Is é 'ioncam ó fheirm theaghlaigh' an tomhas prionsabal d'ioncam a úsáidtear sa Suirbhé Náisiúnta Feirme. Ríomhtar é trí gach costas feirme (díreach agus forchostas) a asbhaint as luach an oll-aschuir feirme. Ní áirítear tosca táirgthe úinéir na feirme, cosúil le saothar agus talamh, mar chostais.

Léiríonn 'ioncam ó fheirm theaghlaigh' dá bhrí sin an luach saothair airgeadais do gach ball den teaghlach, a oibríonn ar an bhfeirm, as a saothar, a mbainistíocht agus a n-infheistíocht. Ní áirítear ann aon ioncam ó fhoinsí neamh-fheirmeoireachta agus dá bhrí sin ní féidir a rá gur ionann é agus ioncam teaghlaigh.

(b) **Ainmnigh dhá fhoinse ioncaim, seachas an fheirmeoireacht féin, a d'fhéadfadh a bheith ag teaghlach feirme.**

- Post taobh amuigh den fheirm
- Aistriú íocaíochtaí Stáit e.g. pinsean
- Pinsean príobháideach
- Díbhinní ó infheistíochtaí
- Ús ar thaiscí bainc.

(c) **Agus an t-eolas sa bharrachairt tugtha á úsáid agat, déan achoimre ar na difríochtaí is mó idir na réigiúin maidir leis an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) agus tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil na difríochtaí réigiúnacha seo ann.**

Tá athraitheacht mhór timpeall ar an meán-FFI náisiúnta €25,479. Is iad ceantair Lár na Tíre, an Deiscirt agus an Iardheiscirt is gaire don mheán náisiúnta.
Tá ceantair na Teorann agus an Iarthair i bhfad faoin meán náisiúnta ag timpeall €15,000. Tá an meán san Oirdheisceart ag beagnach €40,000 agus tá an tOirthear i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta chomh maith.

Cúiseanna le difríochtaí réigiúnacha [i dtéarmaí ioncam níos ísle i gceantair na Teorann agus an iarthair (B&W) agus an ioncaim níos airde san Oirdheisceart agus san Oirthear (S&E)]:

- Talamh níos fearr / níor torthúla in S&E i gcomparáid le B&W
- Feirmeacha níos mó in S&E i gcomparáid le B&W
- Níos mó feirmeoirí lánaimseartha in S&E i gcomparáid le B&W
- Fiontair feirmeoireachta níos brabúsaí in S&E i gcomparáid le B&W
- Feirmeoirí níos óige agus níos forchéimnithe in S&E i gcomparáid le B&W.

Leathanach Bán

Leathanach Bán